

Post	Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha & Nuálaíochta – Grád Príomhoifigigh
Conradh	Conradh Tréimhse Éiginnte
Grúpa Seirbhíse	Forbairt & Nuálaíocht
Suíomh	Is féidir a bheith lonnaithe i gCeannoifig BIM, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, Oifig na Gaillimhe, Oifig na gCealla Beaga nó Mol Nuálaíochta Bia Mara BIM atá lonnaithe i gCloch na Coillte, Co. Chorcaí (Le ceanglas freastal ar ár gCeannoifig de réir mar is gá).

Cur síos ar Ghrúpa Seirbhíse cúí:

Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht lascaigh Mhara, 1952). Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann a bhfuil freagracht air as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt.

Tá sé d'aidhm ag straitéis reatha BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na cúig phríomhthosaíocht straitéiseacha seo a leanas -

1. Inbhuanaitheacht
2. Scileanna
3. Nuálaíocht
4. Iomaíochas
5. Ceannaireacht

Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM.

Tá sé aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí um Fhorbairt Scileanna, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha agus Cumarsáid.

Is i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath atá ceannoifig BIM lonnaithe. Chun tacú leis an earnáil Bia Mara, tá foireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail le cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, lena n-áirítear oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga. Chomh maith leis sin tá dhá choláiste oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí. Tacaíonn SIH (Mol Nuálaíochta Bia Mara) BIM atá lonnaithe i gCloch na Coillte, Co. Chorcaí le nuálaíocht agus le hinbhuanaitheacht i dtionscal bia mara na hÉireann.

Misean BIM

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

Achoimre ar an Ról:

Tacaíonn Seirbhísí Forbartha & Nuálaíochta (DIS) le fás inbhuanaithe na hearnála bia mara trí sheirbhísí praiticiúla forbartha gnó agus nuálaíocht faoi stiúir an mhargaidh ag úsáid Mhol Nuálaíochta Bia Mara BIM.

Is foireann de chomhairleoirí gnó agus foireann theicniúil nuálaíochta atá tiomanta tacú le fás na hearnála bia mara in Éirinn sna margaí intíre agus easpórtála é aonad gnó DIS. Tá freagracht ar fhoireann DIS seirbhísí forbartha gnó BIM a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a thomhas ar fud na hearnála bia mara.

Forbairt Ghnó – Cuireann bainisteoirí cuntais cliant BIM comhairle agus tacaíocht forbartha gnó ar fáil chun cabhrú le cliant deiseanna nua sa mhargadh a phleanáil agus a aithint, chomh maith le comhairle maidir le maoiniú. Faigheann an fhoireann seo cúnadh ó oifigigh réigiúnacha BIM a chuireann teagmháil túslíne ar fáil agus a chomhordaíonn rochtain ar réimse seirbhísí BIM do chliant. Tá samhail rannpháirtíochta cliant á forbairt ag an bhfoireann don earnáil bia mara atá bunaithe ar chur chuige comhpháirtíochta agus táthar ag obair chun léargas inghníomhaithe faoi stiúir an mhargaidh a fhorbairt chun eolas a dhéanamh do leathnú na hearnála bia mara i nideog nua sa mhargadh domhanda agus í sin a thiomáint.

Tugann **Mol Nuálaíochta Bia Mara BIM** deis don tionscal táirgí nuálacha a thástáil agus triail a bhaint astu agus smaointe a phróiseáil sna háiseanna tástála, sula dtugtar gealltanas maidir le tráchtálú iomlán agus costais infheistíochta caipitil. Cuireann an Mol Nuálaíochta oiliúint ar fáil do mhic léinn iarchéime le haghaidh gnó agus nuálaíocht i dtaca le bia mara. Tá sé i gceist ag BIM Ionad Barr Feabhais ilchampsmaidir le nuálaíocht bia mara a bhunú chun infheistíocht i dTaighde agus i bhForbairt a spreagadh, faoi stiúir BIM i gcomhpháirtíocht leis an earnáil taighde agus institiúidí tríú leibhéal. Déanfaidh an tIonad sin an úsáid fhorleathan a bhaintear as na modheolaíochtaí a d'fhorbair BIM go sonrach le haghaidh bia mara a leabú agus a chur chun cinn chun fás tráchtála a thiomáint ar fud na hearnála ar an mbealach is tapúla agus is éifeachtaí.

An Cúlra agus na Riachtanais:

Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tacaíonn sé le tionscal agus pobail bhia mara na hÉireann chun a chinntiú go n-úsáidtear acmhainní uisceacha agus muirí inbhuanaithe.

Tá tréimhse choigeartaithe shuntasach i ndiaidh an Bhreiteimeachta in earnáil bia mara na hÉireann agus tá athruithe ollmhóra i ndán don earnáil. Bhí tionchar díréireach ar leith ag Comhaontú Trádála agus Comhoibrithe na Ríochta Aontaithe/an Aontais Eorpaigh in 2020 ar bhia mara na hÉireann agus bhí cailteanas suntasach cuóta ann; cuireadh isteach ar sholáthairtí agus ar allmhairí agus tá gá anois le bealaí nua a bhunú chun an mhargaidh. Mar bharr ar an donas, cuireadh le dúshláin slabhraí soláthair agus costais oibriúcháin (go háirithe costais bhreosla) mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin.

Is príomhfhoireann é an tAonad Gnó um Sheirbhísí Forbartha & Nuálaíochta chun na scileanna agus an saineolas riachtanach a sholáthar chun claochlú acmhainneacht fhadtéarmach na hearnála a threorú, díriú ar luach a chur leis an earnáil agus rochtain a fháil ar mhargaí nua; réitigh a chur ar fáil do na dúshláin atá roimh an earnáil; dul chun cinn a sheachadadh agus a spreagadh, cabhrú leis an earnáil deontas agus tacaíochtaí praiticiúla eile a fháil agus tacaíochtaí agus seirbhísí nuálaíochta a sholáthar a mbíonn tionchar tráchtála mar thoradh orthu.

Príomhthascanna:

Freagrachtaí Straitéiseacha laistigh d'Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí BIM

- Cur i bhfeidhm na gcodanna forbartha gnó agus nuálaíochta de phlean straitéiseach BIM a threorú.
- Ionad Barr Feabhais sa Mhol Nuálaíochta Bia Mara a fhorbairt.
- Bainistiú agus tuairisciú a dhéanamh ar na himpleachtaí a bhaineann le saincheisteanna domhanda maidir le trádáil bia mara lena n-áirítear an Breiteimeacht agus an Úcráin.
- Léargais mhargaidh inghníomhaithe a fhorbairt do chliant, i gcomhar le Bord Bia, Fiontraíocht Éireann agus soláthraithe léargais margaidh tráchtála.
- Ceannaireacht a sholáthar agus gníomhú mar úinéir scéime ar scéimeanna deontais ábhartha; infheistíochtaí a bheith ag teacht le hiomaíochas agus le hathléimneacht agus todhchaí fhadtéarmach na hearnála a dhaingniú.
- Páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht, cruinnithe agus forbairt straitéise Fhoireann shinsearach ceannaireachta (SLT).
- Tuairisciú do Bhord BIM maidir le feidhmíocht Seirbhísí Forbartha & Nuálaíochta ar thionscnaimh straitéiseacha.
- Comhpháirtíochtaí agus comhoibrithe a fhorbairt le gníomhaireachtaí eile chun leas a bhaint as sineirgí agus chun torthaí níos fearr a sholáthar do chliant.
- Cumarsáid a dhéanamh agus nasc a chruthú le príomhpháirtithe leasmhara sa tionscal, Rialtas, Gníomhaireachtaí comhpháirtíochta, na meáin agus soláthraithe.
- Cur i láthair a dhéanamh agus/nó labhairt ag cruinnithe nó comhdhálacha intíre nó idirnáisiúnta.

An tAonad Gnó um Sheirbhísí Forbartha & Nuálaíochta a Bhainistiú

- Fís a shocrú agus maoirseacht a dhéanamh ar chláir oibre, buiséid agus KPlanna d'Aonad Gnó DIS, buiséad, costais agus acmhainní eagrúcháin a shannadh chun an éifeachtúlacht is mó a bhaint amach.
- Cumas agus forbairt inmheánach a fhorbairt laistigh d'fhoireann DIS agus feidhmíocht foirne a bhainistiú.
- Caidreamh éifeachtach tionscail a chothabháil agus a fhorbairt.
- Tagarmharc a leagan síos agus dea-chleachtais nuálaíochta a fhorbairt i Mol Nuálaíochta Bia Mara BIM
- Scálú, comhoibriú agus teacht le chéile a fhorbairt sa tionscal.

Freastal ar riachtanais DAFM agus páirtithe leasmhara eile

- Tuarascálacha agus comhairle a chur ar fáil de réir mar is gá (lena n-áirítear nótaí cainte de réir mar is gá).
- Cabhrú le cuideachtaí a phróiseáil agus saincheistean a láimhseáil de réir mar is gá.
- Ábhar a chur ar fáil do DAFM de réir mar is gá.
- Cathaoirleacht a dhéanamh nó páirt a ghlacadh i gcoistí nó i ngrúpaí éagsúla de réir mar is gá.
- Teagmháil a dhéanamh leis an tionscal ag gach leibhéal chun ábharthacht seachadta seirbhíse a chinntiú.

Ginearálta

- Tascanna nó tionscadail a dhéanamh, a bhainistiú agus/nó a sheachadadh a d'fhéadfadh an POF a leagan síos ó am go ham.

Struchtúr Tuairiscithe:

Bainisteoir Líne: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Teagmhálacha:

Laistigh de BIM

- Gach ball foirne in Aonad Gnó D&I
- Príomhfhoireann ar fud BIM

Lasmuigh de BIM

- Próiseálaithe
- Eagraíochtaí Táirgeoirí Iascaigh
- An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Mara (DAFM)

- Gníomhaireachtaí stáit eile lena n-áirítear Fiontraíocht Éireann, Bord Bia, Foras na Mara

Oiliúint

Aithneofar riachtanais oiliúna breise agus CPD don ról agus don iarratasóir agus tabharfar aghaidh orthu trí Chóras Bainistithe Feidhmíochta BIM.

Oideachas, Cáilíochtaí Gairmiúla nó Teicniúla, Taithí agus Oiliúint

Riachtanach:

- Taithí 5 bliana ar a laghad i ról straitéiseach ardbhainistíochta, go hidéalach laistigh d'earnáil na mara nó earnáil a bhaineann le bia.
- Céim iarchéime leibhéal 8 nó níos airde nó cáilíocht ghairmiúil chomhionann i gcéim tríú leibhéal a bhaineann le gnó, teicneolaíocht nó tionscal.
- Tuiscint mhaith ar an earnáil bia mara.
- Taithí ar a bheith ag obair san earnáil phoiblí nó go dlúth léi ar leibhéal ardbhainistíochta.
- Taithí ar sheirbhísí faoi stiúir nuálaíochta a sheachadadh a mbíonn tionchar tráchtála mar thoradh orthu.
- Fianaise ar thionchar suntasach trí thionscnaimh forbartha gnó.
- Taithí ar sheirbhísí a sheachadadh chuig an tionscal agus chuig cliaint agus páirtithe leasmhara eile.
- Fís straitéiseach shoiléir chun plean straitéiseach a cheapadh agus a fhorbairt don earnáil bia mara, agus an cumas an plean sin a athrú ina gcuspóirí fiúntacha.
- Fianaise ar thionscadail chasta ardluacha a sheachadadh.
- Fianaise maidir le foireann ardfheidhmíochta a bhainistiú, a spreagadh agus a fhorbairt.
- Tionscadal a phleanáil go héifeachtach, acmhainní atá ar fáil a mhéadú agus achair ama indéanta a shocrú.
- Fianaise de scileanna idirbheartaíochta agus réiteach coimhlinte.
- Scileanna cumarsáide an-éifeachtach agus soiléir, idir bhriathartha agus scríofa, a léiríonn tionchar agus éifeacht ar gach leibhéal.

Inmhianaithe:

- Taithí san earnáil phoiblí.
- Taithí san earnáil mara nó bia mara.
- Cáilíocht forbartha gnó.
- Taithí ar bhuiséadú agus ar bhainistíocht airgeadais.

Tascanna a léiríonn tréithe pearsanta speisialta a theastaíonn don phost:

- Obair a shannadh mar is cuí, ceannaireacht a léiriú agus a ndúshlán a thabhairt do dhaoine eile barr a gcumais a bhaint amach.
- Athrú a thionscnamh agus a thiomáint.
- Caidreamh a chothú agus a fhorbairt le custaiméirí agus le príomhtheagmhálaithe.
- Léargais nua a fhorbairt ar chásanna agus réitigh nuálacha a chur ar fáil chun feabhsuithe eagraíochtúla a dhéanamh.
- Brú a láimhseáil go héifeachtach; fócas agus guaim a choinneáil i gcásanna deacra nó dúshlánacha.
- Fuinneamh, spleodar agus dearcadh dearfach intinne a léiriú.
- Breithiúnas stuama cothrom agus cumas maith anailíse.
- Taithí ar mhaoirseacht agus comhoibriú le baill éagsúla foirne.
- An cumas am a bhainistiú go héifeachtach agus oibriú i dtreo spriocdhátaí, seachadadh in am agus i mbuiséad.
- Toilteanach athrú agus oiriúnú do chásanna a athraíonn.
- Scileanna maithe eagraithe pearsanta agus socruithe tosaíochta, agus an cumas tosaíochtaí iomadúla a bhainistiú.
- Scileanna maithe anailíse.
- Cinntiú go gcomhlíontar cuspóirí trí straitéis fhoriomlán a athrú ina gcuspóirí.
- Freagracht phearsanta a ghlacadh ar thorthaí a sheachadadh ar phríomhghníomhaíochtaí oibre.
- Tábhacht a bhaineann le comhroinnt faisnéise agus feabhsú leanúnach a aithint in atmaisféar comhoibritheach meastóireachta agus foghlama cuiditheach.

Tuarastal:

Ag grád Príomhoifigigh a bheidh an luach saothair i gcomhréir le Scála Tuarastail atá ceadaithe ag an Roinn Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le raon tuarastail €97,207- €120,237 (amhail an 1 Márta 2023) in aghaidh na bliana pro-rata i ndáil leis an am a bheidh oibrithe.

Ag an gcéad phointe iontrála ar an scála a cheapfar an t-iarratasóir a n-éireoidh leis mura bhfuil an t-iarratasóir fostaithe laistigh de na Seirbhísí Poiblí faoi láthair.

Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huairé (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil poiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

Saoire Bhliantúil:

Is é 30 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo.

Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

Fad an Chonartha:

Is ceapachán lánaimseartha, buan é seo. Cuirfidh an t-iarratasóir a n-éireoidh leis tréimhse phromhaidh isteach le linn na chéad sé mhí den chonradh.

Conas iarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a [Foirm Iarratais Folúntais BIM](#) chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie nó a sheoladh sa phost chuig Rannóg Acmhainní Daonna BIM, Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

Is é 5 p.m. an 31 Márta 2023 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie.

Úsáid Sonraí - Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scríosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

